




III

Comhairle na mBreithiúna
The Judicial Council

**Tuarascáil
Bhliantúil**
2023



**Sármhaitheas
breithiúnach agus
neamhspleáchas a
chur chun cinn chun
muinín an phobail as na
breithiúna agus as riar
ceartais in Éirinn
a chinntiú**

Clár an Ábhair

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHOMHAIRLE NA mBREITHIÚNA	4
RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH	5
RÉAMHRÁ AN RÚNAÍ	8
FORBHREATHNÚ AR 2023	10
MAIDIR LE COMHAIRLE NA mBREITHIÚNA	11
AN BORD	14
AN COISTE UM STAIDÉIR BHREITHIÚNACHA	16
AN COISTE UM DHÍOBHÁLACHA PEARSANTA	21
AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE PIANBHREITHEANNA AGUS EOLAIS	24
NA COISTÍ UM THACAÍOCHT BHREITHIÚNACH	28
AG BREATHNÚ AR AGHAIDH CHUIG 2024	31
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH	34
CÚLRA AN CHOISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH	35
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DE BHUN ALT 87	38



**Tuarascáil
Bhliantúil Comhairle
na mBreithiúna
2023**

Réamhrá an Chathaoirligh



**An Príomh-
Bhreitheamh
Donal O'Donnell,**
*Cathaoirleach
Chomhairle na
mBreithiúna*

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle na mBreithiúna do 2023 a chur i láthair.

Is í seo an ceathrú tuarascáil ón gComhairle. Leagadh béim i dtuarascálacha roimhe seo ar na cuspóirí reachtúla san Acht um Chomhairle na mBreithiúna 2019 a chomhlíonadh agus an fhoireann agus an bonneagar chun tacú leis na feidhmeanna sin a chur i bhfeidhm.

Cé go bhfuil roinnt dúshlán fós ann, tá na príomh-thacaíochtaí uile sa chéim bhunaithe i bhfeidhm anois, agus níl le déanamh ach tógáil ar an mbonn láidir sin. Tá ballraíocht bunaithe ag na coistí go léir anois agus leanann siad le sár-iarrachtaí a dhéanamh chun a spriocanna a bhaint amach. Tá fás leanúnach ag teacht ar líon na foirne agus tá coireacht don fhoireann agus saoráidí d'oiliúint breithiúnach i bhfeidhm.

Sa Tuarascáil don bhliain seo caite, leag mé béim ar a thábhachtaí atá réisim iompar breithiúnach reachtúil atá oiriúnach don fheidhm in Éirinn. Cuireadh tús leis an reachtaíocht chun a leithéid de chóras a chruthú ag deireadh 2022, agus ba é 2023 an chéad bhliain iomlán a bhí sé i bhfeidhm. Tá tuairisc réasúnta mionsonraithe i dTuarascáil Bhliantúil an Choiste um Iompar Breithiúnach ar an gcaoi ar pléadh le gearáin bhreithiúnacha in 2023. Léargas suntasach is ea go ndearnadh formhór na ngearán mar thoradh ar dhaoine a d'fhreastail os comhair na gcúirteanna a bheith míshásta le toradh a gcásanna. Níl na gearáin

sin inghlactha mar ghearáin faoi mhí-iompar breithiúnach. Déanann an córas cúirteanna foráil d'achomharc i gcoinne cinntí a mhaítear a bheith mícheart Tugann an córas iompair aghaidh ar shaincheist eile. Maidir leis an líon ard gearán i ndáil leis sin, ó dhaoine a dhéanann ionadaíocht dóibh féin sa chúirt agus le linn dóibh gearán a dhéanamh, is fianaise é sin ar mhíthuiscint mhór ar raon feidhme agus ar chuspóir na réisime iompair. Tá sé beartaithe a thuilleadh soiléire agus treoraíochta a thabhairt maidir le cad is féidir a mheas mar inghlactha. Os a choinne sin, is léir ón gcion mór gearán eile a mheastar go neamhspleách nach inghlactha iad, agus ón líon an-teoranta a mheastar gur inghlactha iad nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an líon ard cásanna a bpléann breithiúna leo gach lá, go bhfuiltear ag cloí leis na hardchaighdeáin iompair a leagamar, na breithiúna, amach dúinn féin agus a bhfuil an pobal i dteideal a bheith ag súil leo.

Measann Bord Chomhairle na mBreithiúna le fada an lá go bhfuil an fheidhm maidir le hoiliúint bhreithiúnach lárnach chun feidhmeanna uile eile na Comhairle a sholáthar. Go deimhin, i réimse an iompair bhreithiúnaigh, tá tábhacht nach beag leis an oiliúint a chuirtear ar fáil i ndáil le heitic agus bainistiú seomraí na cúirte. Tá fás as cuimse tagtha ar réimse an oideachais bhreithiúnaigh ó bunaíodh Coiste um Staidéir Bhreithiúnacha na Comhairle agus léiríonn sé sin gur mian le breithiúna tabhairt faoin oiliúint agus faoin oideachas, rud a gcuirtear fáilte roimhe. Gan amhras, chuir obair chrua agus fíis an iliomad daoine leis sin. Is mian liom, sa tuarascáil seo, aitheantas a thabhairt don obair iontach atá déanta ag an gcéad Stiúrthóir um Staidéir Bhreithiúnacha, an Breitheamh Mary Rose Gearty, agus téarma trí bliana ag stiúradh na hoiliúna breithiúnaí curtha i gcrích aici. Le tacaíocht ó Choiste um Staidéir Bhreithiúnacha agus ón Stiúrthóir Comhlach go háirithe, tugadh oiliúint bhreithiúnach go dtí leibhéal nach raibh ar fáil roimhe sin do bhreithiúna in Éirinn. Forbraíodh raon ábhar

nua-aimseartha agus cuireadh leis na cúrsaí oiliúna a bhí ann cheana féin. Tugtar breac-chuntas ar an méid oiliúna a chuirtear ar fáil i dtuarascáil an choiste. Thug an Bord faomhadh do cheapachán an Breitheamh Peter Charleton le teacht in áit an Breitheamh Gearty ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 agus ba léir faoi dheireadh na bliana go leanfaí leis an bhfuinneamh agus leis an díograis a chonacthas sna blianta roimhe sin faoin Stiúrthóir nua. Díol suntais le blianta beaga anuas is ea cáilíocht na hoiliúna a chuirtear ar fáil ag comhdhálacha náisiúnta agus dlísiúla, ar príomh-ócáidí iad i bhféilire na mBreithiúna.

Gné tábhachtach eile de 2023 ab ea foilsiú Thuarascáil an Ghrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach (GOPB). Tugadh aitheantas sa Tuarascáil sin don obair bhreise atá ann do bhreithiúna mar thoradh ar bhunú Chomhairle na mBreithiúna agus cuireadh é sin san áireamh i moltaí an Ghrúpa. Tá aird tugtha ag Comhairle na mBreithiúna ar na moltaí sa Tuarascáil, agus bhunaigh an Bord coiste chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí i ndáil leis na réimsí faoin shainchúram. Tá raon leathan ábhar um oiliúint bhreithiúnach i measc na moltaí i ndáil leis an gComhairle agus chinn an Chomhairle gurb í is fearr a bheidh in ann moltaí an choiste a chur i bhfeidhm i ndáil le leas agus folláine na mBreithiúna. Is feidhm riachtanach é sin dár ngairm, agus is fearr gurb iad breithiúna a dhéanfadh í a fhorbairt agus a sholáthar do bhreithiúna.

Is príomh-ghné dár mBreithiúna é idirghníomhú le breithiúna eile as tíortha eile. In 2023, neartaíodh caidrimh agus cruthaíodh cinn nua. Cibé acu a bhaineann sé le hoiliúint bhreithiúnach, treoirlínte maidir le painbhreitheanna a fhorbairt nó ábhair a bhaineann le neamhspleáchas breithiúnach, tá líonraí láidre breithiúna tábhachtach chun taithí a chomhroinnt agus foghlaim óna chéile. B'ábhar sásaimh faoi leith a fheiceáil gur óstáil Comhairle na mBreithiúna cruinniú de Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna i mBaile Átha Cliath in 2023. Bhí Éire ina

comhalta bunaidh den Ghréasán sin agus ina huachtarán air i mblianta roimhe seo. Ba é sin an chéad uair a raibh Comhairle na mBreithiúna in ann comhaltaí eile a óstáil mar chomhairle fhoirmiúil don bhreithiúnacht, áfach.

Lean an Coiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta lena athbhreithniú reachtúil ar na treoirlínte ar ghlac Comhairle na mBreithiúna leo in 2021. Beidh deireadh le hobair an Choiste sin sa chéad ráithe de 2024, agus cuirfidh sé toradh an athbhreithnithe faoi bhráid an Bhoird an tráth sin. Lean an Coiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas ar aghaidh lena chuid oibre freisin. Rinneadh taighde i ndáil le cleachtais phianbhreithe na Cúirte Dúiche agus pléadh an méid sonraí atá ar fáil chun tacú le hobair an Choiste. Is fiú a thabhairt ar aird arís gur chúram fairsing é sin don Choiste seo. Is tábhachtach go leanfaidh an Coiste ar aghaidh ag tabhairt faoin gcúram thar a bheith tábhachtach seo ar bhealach dea-struchtúrtha chun treoirlínte éifeachtacha a bheidh bunaithe ar thaighde agus comhairliúchán a sholáthar.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl arís i mbliana do mo chomh-chomhaltaí Boird as a gcuid ama agus tiomantais a thabhairt do spriocanna na Comhairle. Ina theannta sin, is mian liom aitheantas a thabhairt do na comhghleacaithe go léir i ngach dlínse a chuaigh i mbun róil fhoirmiúla ar ár gcoistí agus do na daoine a léirigh tiomantas don bhreithiúnacht mar chomhghleacaithe oiliúna agus meantóireachta, agus dul faoi oiliúint iad féin chun na róil sin a fheidhmiú ar an gcaoi ba éifeachtaí agus ab fhéidir. Cé go bhfacamar ardú a raibh fáilte roimhe ar an líon breithiúna i rith 2023, is in Éirinn atá an líon is lú breithiúna in aghaidh an duine san Eoraip fós agus cuirtear éileamh mór ar gur leor díobh dá bharr sin. Is ardú misnigh, mar sin, gur ghlac an oiread sin daoine na róil riachtanacha bhreise sin orthu féin. Aithním freisin na baill tuata a raibh baint acu leis na coistí pianbhreithe agus iompair, daoine a thugann saineolas tábhachtach agus luachmhar do na coistí sin.

Tá an Bord thar a bheith buíoch as an tacaíocht leanúnach ón Rúnaí agus ó fhoireann na Comhairle. Tá an caidreamh idir an fhoireann sin agus na breithiúna a bhainistíonn gnó na Comhairle thar a bheith tábhachtach chun ár spriocanna comhroinnte a bhaint amach agus chun muinín as na breithiúna a chothú. Is cúis áthais dom a chur in iúl gur tháinig ardú ar an líon foirne ó bheirt in 2021 go dtí seachtar in 2023. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do gach uile duine as a ngairmiúlacht agus a dtiomantas do Chomhairle na mBreithiúna.

Donal O'Donnell, Príomh-Bhreitheamh,
Cathaoirleach Chomhairle na mBreithiúna
Meitheamh 2024

Réamhrá an Rúnaí



Kevin O'Neill

Rúnaí

*Chomhairle na
mBreithiúna*

Tá an-áthas orm an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil ó Chomhairle na mBreithiúna a chur i láthair. In 2023, lean an Chomhairle lena fás seasta tríd an mbonneagar a leathnú chun tacú lena feidhmeanna reachtúla, agus ag an am céanna a sainorduithe reachtúla go léir a chomhlíonadh.

I mbliana, d'aistrigh an fhoireann chuig limistéar athchóirithe saintiomanta inár n-áitreabh stairiúil i dTeach Cúirte Shráid na Faiche. Tá oifigí foirne agus riachtanais um oiliúint bhreithiúnach lonnaithe sa limistéar seo anois. In 2023, sa bhreis ar leanúint ar aghaidh ag tacú le treoirlínte maidir le pianbhreitheanna a fhorbairt – rud thar a bheith chasta, agus ar athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte maidir le díobhálacha pearsanta, bhí an córas um ghearáin bhreithiúnacha i bhfeidhm ar feadh na bliana ar fad, den chéad uair. Saothar suntasach ab ea é sin. Bhain dúshláin éagsúla leis an bhfeidhm reachtúil bhreise sin lena chinntiú go bpléitear le gearáin ar bhealach tráthúil. Tháinig fás ar an bhfeidhm um oiliúint bhreithiúnach arís. Ceapadh líon breithiúna nach bhfacthas riamh cheana in 2023 agus d'fhreastail siad ar oiliúint.

I dTuarascáil an Choiste um Iompar Breithiúnach ar leathanach 39 leagtar amach go leor de na príomh-thuairimí a d'éascair as an gcéad bhliain iomlán a raibh an córas um iompar agus gearáin bhreithiúnacha i bhfeidhm,

lena n-áirítear mo thaithí féin mar Chláraitheoir an Choiste um Iompar Breithiúnach. I dtuarascáil 2022, luaigh mé gurbh é an taithí a fuarthas le linn na gcéad trí mhí oibríochta ó cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2022 gur bhraith go leor gearánach gur deis a bhí sa chóras nua seo chun míshástacht a chur in iúl maidir le torthaí na gcásanna. Luaigh mé freisin nár éirigh le go leor gearán eile an tairseach inghlacthachta atá leagtha amach san Acht a chomhlíonadh, nó nár sainaitníodh aon mhí-iompar iontu ar chor ar bith. Faraor, leanadh leis an bpatrún sin i rith 2023. Is léir ó cuid mhaith de na 197 ngearán a mheas mé go mbíonn sé an-strusmhar do dhaoine freastal ar an gcúirt, mar a thuigfeá, agus nach mbíonn sé éasca dóibh cúrsaí a thuiscint. Is minic a chuirtear in iúl mar ábhar imní an bhraistint nár chabhraigh breitheamh le páirtí ach go raibh sé/sí i bhfabhar an pháirtí/na bpáirtithe eile, nó nár éist an breitheamh le gach rud a bhí gearánach ag iarraidh a rá. Tarlaíonn sé sin de bharr na míthuisceana sin ar phróiseas na gcúirteanna, áfach, agus ról an bhreithimh ach go háirithe, i bpróiseas sáraíochta. In 2023, achtaíodh roinnt leasuithe reachtúla a iarraidh roimhe, rud a sholáthar formhaoireacht níos mó ar iompar breithiúnach trí roinnt bacainní a shárú maidir le gearáin a mheas.

Rinneadh a thuilleadh dul chun cinn ar oideachas breithiúnach agus ar oiliúint bhreithiúnach agus thacaigh foireann na Comhairle leis sin go gníomhach. Chaith an Stiúrthóir Comhlach Staidéir Bhreithiúnacha, ceapachán tábhachtach sa réimse seo, bliain iomlán sa ról sin den chéad uair. Cruthaíodh an post sin ar leibhéal sinsearach chun an réimse sin a fhorbairt agus go mbeadh an té sin ag obair in éineacht le Stiúrthóir Staidéir Bhreithiúnacha. An Breitheamh Mary Rose Gearty ab ea an Stiúrthóir ar feadh an chuid is mó de 2023. Leanadh le tiomantas agus fíis an Stiúrthóra agus an Choiste maidir le hoideachas breithiúnach in 2023, agus

formhaoirseacht á déanamh acu agus oiliúint á cur acu chuid mhaith breithiúna agus ag an am céanna tionscnaimh nua oiliúna á bhforbairt acu. Bliain thar a bheith dúshlánach a bhí ann agus ceapadh breithiúna breise de réir mar a mhol an Grúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach. Cuireadh oiliúint ionduchtaithe ar 34 bhreitheamh nua.

Tháinig deireadh le tréimhse an Breitheamh Gearty mar Stiúrthóir ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023 i ndiaidh trí bliana agus ba mhaith liom mo bhuíochas pearsanta a chur in iúl as an tacaíocht leanúnach a thug sí, ní hamháin chun feidhm na hoiliúna breithiúnaí a bhunú, ach as an tacaíocht fhuinniúil a thug sí nuair a bunaíodh an Chomhairle ar dtús. Táim ag súil le bheith ag obair leis an Stiúrthóir nua, an Breitheamh Peter Charleton chun an phríomh-fheidhm sin a bhrú chun cinn a thuilleadh. Rinneadh forbairt mhór ar ár gcumas oiliúint a sholáthar nuair a suiteáladh ár gcrua-earraí TF nua chun cúrsaí oiliúna hibrideacha a sholáthar. Méadóidh sé sin an acmhainneacht chun cúrsaí oiliúna agus léachtaí a sholáthar ar bhealach idirghníomhach do líon níos airde breithiúna atá lonnaithe ar fud na hÉireann.

Ceapadh beirt bhall foirne breise in 2023 agus fágann sé sin gur seachtar atá san fhoireann anois. Tá coinne leis go mbainfear amach an líon ceadaithe, naonúr, in 2024. Beidh an dul chun cinn ar roinnt dár gcuid feidhmeanna amach anseo ag brath, go pointe, ar fheidhm taighde a fhorbairt chun tacú le treoirlínte um pianbhreitheanna a fhorbairt, príomh-mholadh i dtaighde a rinne Ollscoile Strathclyde thar ár gceann, agus chun tacú le hoiliúint bhreithiúnach. D'ainneoin an dul chun cinn go léir atá déanta i ndáil leis an gComhairle a bhunú mar chomhlacht poiblí neamhspleách, áfach, tá bacainní fós ann maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí láraithe.

Dúirt mé roimhe seo go bhfuil sé tábhachtach, i bhfianaise an stádas neamhspleách uathúil atá acu, go gcothóidh na breithiúna caidreamh láidir le cúirteanna agus le comhlachtaí breithiúnacha idirnáisiúnta. Díol suntais a bhí sa chruinniú

de Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna a d'óstáil Éire in 2023. Ina theannta sin, rinneadh ball foirmiúil den chomhlacht sin de Chomhairle na mBreithiúna i rith na bliana. Tá naisc níos láidre déanta leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach, go háirithe ar an leibhéal oifigiúil, tríd an Stiúrthóir Comhlach. Óstálfaimid na chéad imeachtaí oiliúna ar an láthair do bhreithiúna Eorpacha i mBaile Átha Cliath in 2024. Bhí an obair forbartha ar na cúrsaí sin ar bun in 2023.

Is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird, leis na daoine ar Choistí na Comhairle agus leis an iliomad breithiúna eile a rannchuidigh in 2023. I gcás go leor daoine, ciallaíonn sé sin ualaí oibre móra anuas ar an ról dúshlánach atá acu mar bhreitheamh cúirte. Táim thar a bheith buíoch ach go háirithe den tacaíocht leanúnach a thug gach aon duine a oibríonn don Chomhairle. A bhfuí lena gcuid oibre crua agus a ngairmiúlacht arís i mbliana, bhíomar in ann ár spriocanna go léir a bhaint amach i measc éachtaí eile.

Kevin O'Neill

Rúnaí Chomhairle na mBreithiúna
Meitheamh 2024

Forbhreathnú ar 2023



SUÍOMH GRÉASÁIN

judicialcouncil.ie

4,649
cuairteoirí



IOMPAR BREITHIÚNACH

1ú bhliain iomlán
de ghearáin

232
Gearán

197
Cinneadh

1
Gearán Inghlactha

62
Gearán Athbhreithnithe



OILIÚINT BHREITHIÚNACH

34
Breitheamh nua ionductaithe

5
Comhdháil ar tugadh tacaíocht
dóibh

65
Imeacht oiliúna
curtha ar fáil

95%
An líon breithiúna a
d'fhreastail ar imeacht
oiliúna JSC



BREITHIÚNA

196
Comhalta den
Chomhairle



CRUINNITHE

26
Cruinnithe
reachtúla



COMHDHÁIL

Idirnáisiúnta GECB

37
toscaire

The background features two classical columns with Corinthian capitals on a stone wall. Overlaid on this are several semi-transparent, overlapping geometric shapes in shades of gold and brown, including arcs and lines that create a sense of depth and movement.

Maidir le Comhairle na mBreithiúna

Maidir le Comhairle na mBreithiúna

Bunaíodh an Comhairle na mBreithiúna de bhun an Achta um Comhairle na mBreithiúna 2019 (“an tAcht”) ar an 17 Nollaig 2019 de bhun Alt 5 den Acht. Is foras neamhspleách é a bhfuil a chomhaltaí uile ina mbreithiúna in Éirinn. Tá raon iomlán fheidhmeanna na Comhairle leagtha amach in Alt 7 den Acht. Comhlíonann Bord a lán d’fheidhmeanna na Comhairle agus tá tuilleadh faisnéise faoin mBord sin ar fáil ar leathanaigh 14-15.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar fheidhmeanna na Comhairle ó thaobh gach ceann dá ceithre príomhfheidhm mar seo a leanas:

1. Foras neamhspleách, forásach a thógáil le haghaidh breithiúna neamhspleácha
2. Sármhaitheas a chur ar fáil trí oiliúint thiomanta bhreithiúnach agus feidhmeanna tacaíochta, lena n-áirítear treoir a sholáthar maidir le díobhálacha pearsanta agus pianbhreitheanna
3. Feidhm a chruthú chun caighdeán arda iompair bhreithiúnaigh a mhaoirsiú
4. Muinín an phobail as na breithiúna agus as riar ceartais a bhaint amach

5. Achieving public confidence in the judiciary and the administration of justice

Mar chuid lárnach de luachanna Chomhairle na mBreithiúna tá na croíluachanna breithiúnacha seo a leanas

- ▶ Neamhspleáchas
- ▶ Neamhchlaontacht
- ▶ Ionracas
- ▶ Cuibheas (lena n-áirítear cuma an chuibhis)
- ▶ Inniúlacht agus dúthracht
- ▶ Caitheamh comhionann le gach duine os comhair na gcúirteanna.



Tá feidhmeanna sainiúla ag an gComhairle lena n-áirítear glacadh le agus foilsiú a leanas:

- ▶ Treoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic arna n-ullmhú ag an gCoiste um Iompar Breithiúnach,
- ▶ Dréacht-Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta agus leasuithe arna n-ullmhú ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta agus tuiscint ar na prionsabail a rialaíonn measúnú agus bronnadh damáistí maidir le díobhálacha pearsanta a chur chun cinn i measc breithiúna,
- ▶ Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas agus cur chun cinn tuisceana maidir le prionsabail phianbhreitheanna.

Chomh maith leis na feidhmeanna seo, tá ról níos ginearálta ag an gComhairle cumarsáid a bhunú, a choinneáil agus a fheabhsú le forais a dhéanann ionadaíocht do bhreithiúna a cheaptar i gcúirteanna lasmuigh d'Éirinn agus forais idirnáisiúnta a dhéanann ionadaíocht do bhreithiúna.

Féadfaidh Bord na Comhairle nó coistí na Comhairle go leor de na feidhmeanna a chomhlíonadh, cé nach féadfaidh ach an Chomhairle amháin glacadh leis na treoirlínte dá dtagraítear roimhe seo.



Ní mór go dtabharfaí Comhairle na mBreithiúna le chéile uair sa bhliain. Is é an Príomh-Bhreitheamh cathaoirleach na Comhairle. Is é Rúnaí na Comhairle Breithiúnach a bhainistíonn tacaíocht riaracháin do Chomhairle na mBreithiúna, a thuairiscíonn don Bhord i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna agus a thugann don Choiste um Chuntais Phoiblí agus do choistí Oireachtais eile maidir le cuntais agus riarachán ginearálta na Comhairle. Maoinítear an Chomhairle ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt.

Comhairle na mBreithiúna in 2023

Leagtar amach sa Tuarascáil seo gníomhaíochtaí gach ceann de choistí na Comhairle, agus tagraíonn an Príomh-Bhreitheamh agus an Rúnaí do go leor de na nithe a rinneadh i rith na bliana. Chomh maith leis na nithe dá dtagraítear sna tuarascálacha sin, agus leis an obair thábhachtach a rinne an Bord, bhí an Chomhairle gníomhach i roinnt réimse.

Ceanglaítear ar Chomhairle na mBreithiúna cruinniú a thionól leis na comhaltaí uile uair sa bhliain. Thionóil sí a cruinniú reachtúil bliantúil i mí Feabhra 2023, cruinniú a tionóladh ar an láthair den chéad uair ón gcruinniú tionscnaimh in 2020. Cuireadh faisnéis faoi bhráid na Comhairle maidir le hábhair a dhéanann difear do bhreithiúna go ginearálta, chomh maith le tuarascáil ar ghníomhaíochtaí Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna (GECB), folláine agus an RGCS. Rinne aoichainteoir cur i láthair maidir leis na meáin shóisialta agus reachtáladh ceardlann do na breithiúna go léir faoin ábhar ina dhiaidh sin, chun a thuilleadh feachtas agus tuiscint ar an ábhar a thabhairt dóibh.

Leanadh leis an rannpháirtíocht idirnáisiúnta faoi scáth na Comhairle. Tá comhlachtaí idirnáisiúnta áirithe a dhéanann ionadaíocht ar bhreithiúna ainmnithe ag an mBord thar ceann na Comhairle chun críche alt 7 (2) (k) den Acht.

Rinneadh ball de GECB den Chomhairle in 2023, ról a rinneadh in ainm na Seirbhíse Cúirteanna roimhe, sular tháinig Comhairle na mBreithiúna ar an bhfód in Éirinn. D'fhreastail ionadaithe ar Éirinn ar chruinniú bliantúil Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna freisin.

An Bord

Tá 11 bhreitheamh ar Bhord Chomhairle na mBreithiúna agus leagann an tAcht an bunús atá lena gceapachán:

1. Is comhaltaí ex officio iad an Príomh-Bhreitheamh agus Uachtarán na gCeithre Cúirteanna.
2. Toghann a gcomhghleacaithe breitheamh amháin as gach ceann de na cúig dhlínse
3. Toghtar breitheamh amháin de réir an Achta (ón gCúirt Uachtarach go dtí 2024).

Mairfidh téarma comhaltais gach breitheamh tofa agus comhthofa ar feadh ceithre bliana. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an Bhoird do 2023 leagtha amach ar an leathanach seo a leanas.

Feidhmeanna an Bhoird

Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 11 den Acht.

Comhlíonann an Bord feidhmeanna na Comhairle thar ceann na Comhairle de réir treoracha (más ann dá leithéid) a d'fhéadfadh an Chomhairle a thabhairt don Bhoird.

Go ginearálta, breithníonn agus cinneann an Bord beartas maidir le comhlíonadh feidhmeanna na Comhairle agus déanann maoirsiú ar chur i bhfeidhm an bheartais sin ag an Rúnaí.

Tá ról tábhachtach reachtúil aige freisin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar a leanas:

- ▶ dréacht-Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta arna n-ullmhú agus á gcur isteach ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta,

- ▶ dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a d'ullmhaigh an Coiste sin,
- ▶ dréacht-Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú agus arna gcur isteach ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas,
- ▶ dréacht-leasuithe ar na Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú ag an gCoiste sin,
- ▶ dréacht-Treoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic arna n-ullmhú agus arna gcur isteach ag an gCoiste um lompar Breithiúnach, agus
- ▶ dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic a d'ullmhaigh an Coiste sin.

Féadfaidh an Bord freisin cibé athrú a dhéanamh ar na dréacht-Treoirlínte sin, nó dréacht-leasuithe ar Threoirlínte dá leithéid, mar a mheastar cuí.

Ní mór go dtabharfaí an Bord le chéile ceithre huair sa bhliain. In 2023 tháinig sé le chéile sé huair. Tháinig athruithe ar chomhaltacht an Bhoird i rith na bliana. Ceapadh an Breitheamh an tUas. McCarthy, Cúirt Achomhairc chun teacht in ionad an Bhreithimh Uasal Donnelly ar a ceapachán chuig an gCúirt Uachtarach.

Cloíonn an Bord leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, cé go bhféadfadh feidhm a bheith ag tosca eile i gcás nach mbeadh an Cód sin ag teacht le neamhspleáchas na mbreithiúna, rud atá cumhdaithe i mBunreacht na hÉireann. Féadfaidh an Bord roinnt dá fheidhmeanna a tharmligean don Rúnaí, agus tá sé sin déanta aige.

Comhaltaí an Bhoird in 2023



An Breitheamh
Donal O'Donnell
*Príomh-Bhreitheamh,
Cathaoirleach*



An Breitheamh
George Birmingham
*Uachtarán na Cúirte
Achomhairc*



An Breitheamh
David Barniville
*Uachtarán na
hArd-Chúirte*



An Breitheamh
Patricia Ryan
*Uachtarán na
Cúirte Cuarda*



An Breitheamh
Paul Kelly
*Uachtarán na Cúirte
Dúiche*



An Breitheamh
Marie Baker
*An Chúirt
Uachtarach*



An Breitheamh Aileen
Donnelly
An Chúirt Achomhairc



An Breitheamh
Patrick McCarthy
An Chúirt Achomhairc



An Breitheamh
Michael MacGrath
An Ard-Chúirt



An Breitheamh
John Aylmer
An Chúirt Chuarda



An Breitheamh
Elizabeth MacGrath
An Chúirt Dúiche



An Breitheamh
Iseult O'Malley
An Chúirt Uachtarach

*Is é Kevin O'Neill Rúnaí Chomhairle na mBreithiúna
Is í Mary Murphy rúnaí an Bhoird*

The background features two classical columns with Corinthian capitals, set against a wall of stone blocks. The scene is overlaid with a complex, semi-transparent geometric pattern of overlapping circles and arcs in various shades of brown and gold, creating a modern architectural aesthetic.

An Coiste um Staidéir Bhreithiúnacha

An Coiste um Staidéir Bhreithiúnacha

Forbhreathnú

Tá an Coiste um Staidéir Bhreithiúnacha (“An Coiste), a bunaíodh faoi Alt 17 den Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019, comhdhéanta de bhreithiúna as gach dlínse cúirte a dhéanann maoirseacht ar oideachas agus oiliúint a chur ar bhreithiúna. Ghlac an Chomhairle le Téarmaí Tagartha an Choiste um Staidéir Bhreithiúnacha i mí Feabhra 2020. Áirítear ar fheidhmeanna an Choiste oideachas agus oiliúint a sholáthar do na breithiúna maidir le cúrsaí dlí, eitice agus iompair, cearta an duine agus comhionannas, moltóireacht agus teicneolaíocht faisnéise. Tá cur chun cinn agus cosaint bhunluach an Neamhspleáchais bhreithiúnaigh in oiliúint bhreithiúnach ríthábhachtach don soláthar oiliúna agus oideachais.

Ceapacháin Nua

Chríochnaigh an Breitheamh Mary Rose Gearty a tréimhse trí bliana mar Stiúrthóir um Staidéir Bhreithiúnacha i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus ceapadh An Breitheamh Peter Charleton sa phost sin. Is ról páirtaimseartha é sin ina roinneann an stiúrthóir a gcuid ama go cothrom idir dualgais chúirte agus oiliúint bhreithiúnach. Mhéadaigh Comhairle na mBreithiúna an líon ball foirne inti agus leithdháileadh oifigeach feidhmiúcháin chun tacú leis an bhfeidhm oideachais agus oiliúna.

Plean Oibre 2023-2026

Dhírigh an Coiste go príomha ar chur chuige níos struchtúrtha a thabhairt isteach chun méadú agus inbhuanaitheacht na hoiliúna breithiúnaí a chinntiú. Chomhaontaigh an Coiste an chéad phlean oibre trí bliana agus d’fhoilsigh sé é i mí na Bealtaine 2023. Léirítear sa phlean an saineolas, na léargais agus na huailmhianta atá ag an gCoiste agus tá an plean ag teacht le riachtanais na mbreithiúna a bhfuil athrú ag teacht orthu. Tá mar aidhm aige conair chuig fás inbhuanaithe in oideachas agus oiliúint do na breithiúna in Éirinn a sholáthar.



An Breitheamh Aileen Donnelly
Cathaoirleach an Choiste um Staidéir Bhreithiúnacha



An Breitheamh Mary Rose Gearty
Stiúrthóir um Staidéir Bhreithiúnacha (Ex-officio)
(Chríochnaigh a téarma i mí Dheireadh Fómhair 2023)



An Breitheamh Peter Charleton
Stiúrthóir um Staidéir Bhreithiúnacha (Ex-officio)
(Thosaigh a théarma i mí na Samhna 2023)

Forbhreathnú ar Shonraí maidir le hOiliúint

Tháinig athruithe ar an líon iomlán breithiúna a bhí ann le linn na bliana, agus d’fhéadfadh sé sin tionchar beag a imirt ar na sonraí. Bhí 171 bhreitheamh ann ag tús na bliana agus 196 faoi dheireadh na bliana. Le linn na tréimhse sin, chuaigh 9 mbreitheamh ar scor, ceapadh 34 bhreitheamh nua agus ardaíodh 4 bhreitheamh go cúirt níos airde. Tríd is tríd, bhí 205 bhreitheamh incháilithe chun freastal ar oiliúint i rith 2023 agus d’fhreastail 95% de na breithiúna sin ar imeacht amháin ar a laghad.



Maria Fitzgerald

*Stiúrthóir Comhlach
um Staidéir na
mBreithiúna*

D'eagraigh an Coiste 65 imeacht oiliúna ar leithligh i rith na bliana, agus chuir sé tacaíocht riaracháin agus/nó maoinithe ar fáil le haghaidh roinnt clár nó imeachtaí breise. As na 65 imeacht sin, rangáíodh 5 cinn mar chomhdhálacha, 40 mar imeachtaí oiliúna, 17 mar sheisiúin teanga agus 3 mar imeachtaí tacaíochta. Rinneadh na himeachtaí oiliúna a fhoroinnt ina seisiúin oiliúna tosaigh agus dhírigh siad ar ionduchtú agus meantóireacht. Rangáíodh cláir eile mar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD).

Sa dara leath den bhliain, bhíodas in ann a thuilleadh oiliúna a chur ar fáil i bhformáid hibrideach mar thoradh ar an teicneolaíocht nua a tugadh isteach. Dá bharr sin, bhí rochtain níos mó ag breithiúna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar an oiliúint.

Tríd is tríd, chuir an Coiste 33 sheisiún oiliúna ar líne ar fáil, chomh maith le 26 sheisiún ar an láthair, 4 sheisiún hibrideacha, seisiún amháin trí sholáthar measctha agus seisiún cónaithe amháin.

Ba cheart a thabhairt ar aird go nglacann roinnt mhaith breithiúna páirt in oideachas agus oiliúint leanúnach le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile. Níl an t-oideachas ná an oiliúint sin san áireamh sna sonraí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo.

Oiliúint Thosaigh

Chinn an Coiste go mbeadh an Clár Ionduchtaithe ina phríomh-thosaíocht do 2023, bliain ina ndearnadh an leathnú is mó ar bhreithiúnacht na hÉireann ó bunaíodh í i 1924.

Ceapadh 34 breitheamh nua le linn na bliana. Tríd is tríd, cuireadh 18 n-imeacht oiliúna ar fáil do bhreithiúna ainmnithe/nuacheaptha.

Feabhsaíodh an Clár Ionduchtaithe, a tugadh isteach den chéad uair i 2020, agus pléann sé le dinimicí sa seomra cúirte, ceartas nós imeachta, iompar breithiúnach agus eitic, agus claonadh neamh-chomhfhiosach, i measc ábhar eile. De bharr cineál ad hoc an phróisis ceapacháin, cuirtear an clár i láthair ar bhealach trasdlínse de réir mar is gá. Cuireadh oiliúint bhreise ar fáil i gcásanna inar shainaithin breithiúna riachtanais a bhain le dlínsí áirithe.

I 2021, tugadh an Clár Meantóireachta isteach chun tacú le breithiúna nuacheaptha. Cuirtear breitheamh a bhfuil taithí aige nó aici in éineacht le breitheamh nuacheaptha sa dlínse chéanna. Tugann soláthróir seachtrach a bhfuil saineolas aige nó aici in éascú, cóitseáil agus meantóireacht, tacaíocht don chlár. Rinneadh athbhreithniú ar an gclár in Earrach 2023, tugadh cothrom le dáta é agus leathnaíodh amach é chun oiliúint do dhaoine a fhaigheann meantóireacht agus treoidhoiciméad a chur san áireamh. Úsáidtear cur chuige oiliúna measctha sa chlár: cuirtear oiliúint do na meantóirí ar fáil ar líne agus tugtar seisiúin ar an láthair don lucht fhaigheann mheantóireacht. Ghlac 13 bhreitheamh páirt sna cláir oiliúna mar mheantóirí agus fuair 19 mbreitheamh meantóireacht.



Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus Foghlaim

I rith na bliana, rinneadh athbhreithniú agus leasú ar na cláir a bhí ann cheana féin i réimsí éagsúla, agus cuireadh na cláir sin ar fáil, lena n-áirítear Ath-thrámáil a Sheachaint, Dócmhainneacht Phearsanta, Rialú Comhéigneach agus Rialú Seomra Cúirte. Tugadh an clár um Chlaonadh Neamh-chomhfhiosach cothrom le dáta chun ionchur breise a fháil ón Lucht Siúil.

Mar fhreagairt ar athruithe ar an reachtaíocht um Chinnteoireacht Chuidithe agus Cumas, soláthraíodh trí sheisiún leathlae le rannpháirtíocht ó oiliúnóirí breithiúnacha, gníomhaireacht Rialtais, ionadaí ar chearta íospartach, lucht acadúil agus saineolaí ón Ríocht Aontaithe. D'fhreastail breithiúna ón gCúirt Chuarda agus ón Ard-Chúirt a phléann leis an réimse oibre sin ar na seisiúin.

Seimineáir agus Ceardlanna

Go luath in 2023, tugadh sraith seimineár ar líne isteach, a reáchtáladh san iarnóin ar an gCéadaoin, chun oiliúint thráthrialta a chur ar fáil a bheadh inrochtana ag gach breitheamh. Ag na himeachtaí seo, déanann oiliúnóirí breithiúnacha, saineolaithe agus daoine eile cuir i láthair ar ábhair mar shampla Giúiréithe, Cleachtas atá Feasach ar Thráma, nuashonruithe ar Dhlí Teaghlaigh an AE, agus cuimhne agus iontaofacht finnéithe.

I mí na Samhna, d'eagraigh an Stiúrthóir nua seimineár hibrideach faoi habeas corpus ar fhreastail 53 chomhalta den bhreithiúnacht air, agus ghlac 47 mbreitheamh páirt sa seimineár seimineár faoi Threoracha Eiseamláire Breithiúna an mhí ina dhiaidh sin.

Forbraíodh ceardlann nua um fhorbairt scileanna scríbhneoireachta breithiúnais agus reáchtáladh í ar bhonn phíolótach i mí Lúnasa 2023. D'éirigh go maith leis an gclár oiliúna sin, a tionóladh i ngrúpa beag daoine ar an láthair agus inar úsáideadh cur chuige na foghlama cumaisc. Tá sé beartaithe cur leis sin in 2024.

An Clár LIFT um Cheannasaíocht Eiticiúil

I lár 2023, rinneadh an clár LIFT a shaincheapadh chun riachtanais Bhreithiúnacht na hÉireann a chomhlíonadh. Sa chlár seo um cheannasaíocht eiticiúil, pléann grúpa beag scileanna ceannasaíochta pearsanta. Fuair cúigear breithiúna oiliúint mar éascaitheoirí agus reáchtáladh timthriall amháin den chlár, ina raibh 15 breithiúna rannpháirteach i meascán de sheisiúin ar líne agus ar an láthair.

Oiliúint Theanga

I mí Mheán Fómhair, d'fhreastail 12 bhreitheamh ar chlár cónaithe seachtaine sa Ghaeltacht chun a gcuid scileanna teanga a fheabhsú. Leanadh leis na ranganna comhrá Gaeilge ag am lóin gach coicís agus d'fhreastail 13 bhreitheamh ar 16 sheisiún. Freastalaíodh ar 6 sheisiún in aghaidh an bhreithimh, ar an meán. Chomh maith leis sin, tugadh tacaíocht do 3 bhreitheamh chun ranganna oíche Gaeilge a dhéanamh.

Comhdhálacha

Tionóltar 5 chomhdháil bhliantúil i rith na bliana. Reáchtáiltear 4 cinn i gcomhar leis an tSeirbhís Chúirteanna agus tá coistí eagrúcháin ar leithligh acu, atá freagrach, i gcomhar leis an gCoiste um Staidéir Bhreithiúnacha, as ábhar na gcomhdhálacha.

In 2023, leag na coistí comhdhála béim níos mó ar théamaí a shainaithe agus ábhair a chomhordú ar feadh comhdhálacha agus dlínsí. Bhí seisiúin ag comhdhálacha na gCúirteanna Dúiche agus Cuarda a bhain le dlínsí sonracha ar réimsí mar guth an linbh, roghanna maidir le pianbhreitheanna, foréigean teaghlaigh, bannaí, an dlí um leanaí agus an teaghlach, agus cleachtas atá feasach ar thráma. Ba iad téamaí na Comhdhála Náisiúnta agus Comhdháil na Cúirte Uachtaraí ná intleacht shaorga agus saineolaithe agus fianaise, faoi seach.

Anuas air sin, reáchtáladh seisiún faoi fheasacht ar na meáin shóisialta mar chuid de Chomhdháil Chomhairle na mBreithiúna 2023.

I measc na saineolaithe a labhair bhí breithimh, lucht acadúil, gairmithe dlí, saineolaithe míochaine, ionadaithe ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus Gardaí. Thug an Stiúrthóir, an Stiúrthóir Comhlach, agus an Coiste tacaíocht do na comhdhálacha agus d'fhreastail 183 bhreithimh orthu, nó 93% den bhreithiúnach.

Fócas Idirnáisiúnta

Cuid lárnach d'fhorbairt agus do sheachadadh clár oideachais agus oiliúna do bhreithiúna is ea comhoibriú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta. Tionóladh cruinnithe tráthrialta idir oideoirí um Staidéir Bhreithiúnacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i rith na bliana. Bunaíodh naisc le Coimisiún Breithiúnach New South Wales agus le hInstitiúid na hAfraice Theas um Oideachas Breithiúnach. Rinne oideoirí sinsearacha breithiúnacha as California, Sasana agus an Bhreatain Bheag, agus Ontario, Ceanada cláir oiliúna a chomh-éascú i gcomhar le hoideoirí breithiúnacha na hÉireann.

D'fhreastail comhaltaí Coiste, an Stiúrthóir agus baill foirne Chomhairle na mBreithiúna ar roinnt imeachtaí GEOB, ina measc an Comhthionól Ginearálta, Comhdháil na Stiúrthóirí agus an Grúpa Oibre um Oiliúint i Modhanna Breithiúnacha.

Freastalaíonn breithimh na hÉireann ar chomhdhálacha oiliúna idirnáisiúnta go tráthrialta, mar rannpháirtithe, cainteoirí nó cathaoirligh ar sheisiúin. In 2023, i measc na gcomhdhálacha sin bhí imeachtaí a d'eagraigh GEOB, EUIPO, Acadamh an Dlí Eorpaigh (ERA), Comhdháil Bhreithiúna ar Cainteoirí Béarla agus Gearmáinise iad ar an Dlí Teaghlach, Comhdháil Chónaidhm Idirnáisiúnta an Dlí Eorpaigh, Comhdháil na gCeithre Dhlínse, agus Comhdháil Bhliantúil an European Circuit. Thug an Coiste tacaíocht riaracháin do thrí bhreitheamh a ghlac páirt sa chomhdháil “judges@ europe” a tionóladh san Iodáil, agus do bhreitheamh amháin a d'fhreastail ar sheimineár JuLIA faoin intleacht shaorga.

I mí Mheán Fómhair 2023, rinne riarthóirí ón CBAE cur i láthair do 18 mbreitheamh ón gCúirt Achomhairc, ón Ard-Chúirt agus ón gCúirt

Chuarda, a phléigh leis na gnéithe dlí agus lóistíochta a bhaineann le réamhthagairt a dhéanamh don CBAE.


D'éascaigh an Coiste seisiún oiliúna ar líne le Irish Rule of Law International (IRLI). Bhain an seisiún sin, faoi stiúir comh-láithreoirí, le Breithiúnacht na hÉireann, Breithiúnacht Thuaisceart Éireann, agus Breithiúnacht na Tansáine. Dhírigh sé ar chreidiúnacht agus iontaofacht leanaí atá ina bhfinnéithe.

Ag Breathnú ar Aghaidh go 2024

In 2024, leanfaidh an Coiste le feabhas a chur ar a shraith clár trí úsáid a bhaint as meascán de sheimineáir agus ceardlanna. Tá sé beartaithe ranganna seachtainiúla Francise ar líne a reáchtáil go luath in 2024. Cuirfear oiliúint ar a thuilleadh breithiúna le bheith ina n-oiliúnóirí breithiúnacha. Faoin bPlean Oibre trí bliana, déanfar anailís ar riachtanais oiliúna ar fud an chórais chun oideachas agus oiliúint a shaincheapadh do riachtanais na breithiúnachta. Tá sé beartaithe córas bainistithe foghlama don bhreithiúnacht a fhorbairt amach in 2024, lena gcuirfear ardán TF saintiomanta ar fáil chun tacú le hoideachas agus oiliúint leanúnach.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste:

- ▶ An Breitheamh Brian Murray
- ▶ An Breitheamh Aileen Donnelly, Cathaoirleach
- ▶ An Breitheamh Nuala Butler
- ▶ An Breitheamh Niamh Hyland
- ▶ An Breitheamh Mary O'Malley Costello
- ▶ An Breitheamh Paul Kelly, Uachtarán na Cúirte Dúiche
- ▶ An Breitheamh Marie Quirke, Leas-Chathaoirleach
- ▶ An Breitheamh Mary Rose Gearty, Stiúrthóir Staidéir Bhreithiúnacha (Ex-officio) (Chríochnaigh a téarma i mí Dheireadh Fómhair 2023)
- ▶ An Breitheamh Peter Charleton, Stiúrthóir Staidéir Bhreithiúnacha (Ex-officio) (Tosaíodh a théarma i mí na Samhna 2023)



**An Coiste um
Threoirlínte
maidir
le Díobhálacha
Pearsanta**

An Coiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta



**An Breitheamh
Elizabeth Dunne**

*Cathaoirleach
an Choiste um
Threoirlínte maidir
le Díobhálacha
Pearsanta*

Tá feidhmeanna an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta leagtha amach in Alt 18 (2) den Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019.

Is éard atá iontu na nithe a leanas a ullmhú agus a chur faoi bhráid Bhord na Comhairle lena n-athbhreithniú:

- Dréacht-threoirlínte maidir le díobhálacha pearsanta i gcomhréir le hAlt 90, agus
- dréacht-leasuithe ar na treoirlínte maidir le díobhálacha pearsanta i gcomhréir leis an Alt sin.

An ceanglas reachtúil tosaigh a bhí ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta ab ea Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a dhréachtú lena gcur faoi bhráid Bord Chomhairle na mBreithiúna, mar a dtagraítear dó ag (a) thuas. Chuir an Coiste na dréacht-Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna an 9 Nollaig 2020 de bhun Alt 18 (4) arna leasú, mar dheireadh a chuid oibre ar an gceanglas tosaigh sin. Nuair a ghlac Comhairle na mBreithiúna leis na treoirlínte sin i mí an Mhárta 2021, tugadh an chéad chéim den phróiseas chun críche.

Ní raibh ar an gCoiste, ar a bhfuil 7 mbreitheamh, aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh go dtí go ndéanfaí athbhreithniú ar

na Treoirlínte sin laistigh de 3 bliana ón tráth ar ghlac an Chomhairle leo.

Ceanglaítear ar an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta, de bhun Alt 18 (11) den Acht um Chomhairle na mBreithiúna, tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid Chomhairle na mBreithiúna lena chur san áireamh ina Tuarascáil Bhliantúil. Seo í an tuarascáil a ullmhaíodh d'fhonn an oibleagáid sin a chomhlíonadh.

Tuarascáil an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta in 2023

Ceanglaítear ar an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoirlínte ó am go ham i gcomhréir le hAlt 18 (5) den Achta chaithfeair, de réir an ailt sin, a chur i bhfeidhm faoi Mhárta 2024. Tháinig an coiste le chéile chun tús a chur leis an bpróiseas sin go déanach in 2022, agus



tháinig sé le chéile cúig huaire in 2023 chun an obair sin a bhrú chun cinn.

Ceanglaítear ar an gCoiste faoi Alt 90 den Acht, chun críche an athbheithnithe sin, aird a thabhairt ar na nithe céanna a chuirtear i bhfeidhm agus na Treoirínte á n-ullmhú, lena n-áirítear:

- ▶ leibhéal na ndamáistí a dhámhfadh cúirteanna in Éirinn ar dhíobhálacha pearsanta agus cibé áit lasmuigh d'Éirinn a mheasann an Coiste a bheith ábhartha
- ▶ prionsabail chun damáistí i leith díobhálacha pearsanta a mheas agus a dhámhachtain arna gcinneadh ag an Ard-Chúirt, ag an gCúirt Achomhairc agus ag an gCúirt Uachtarach
- ▶ treoirínte a bhaineann le rangú díobhálacha pearsanta

- ▶ an gá le comhsheasmhacht a chur chun cinn i leibhéal na ndamáistí a dhámhtar ar dhíobhálacha pearsanta
- ▶ tosca eile a mheastar a bheith iomchuí.

Bhí an obair sin fós ar bun ag deireadh 2023. Cuirfear toradh an athbheithnithe faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna faoin 5 Márta 2024 mar a cheanglaítear leis an Acht.

Seo a leanas comhaltacht an Choiste um Threoirínte maidir le Díobhálacha Pearsanta:

- ▶ An Breitheamh Elizabeth Dunne, Cathaoirleach
- ▶ An Breitheamh Seamus Noonan
- ▶ An Breitheamh Michael MacGrath
- ▶ An Breitheamh Paul Coffey
- ▶ An Breitheamh Sarah Berkeley
- ▶ An Breitheamh James Mc Court
- ▶ An Breitheamh Brian O'Shea



The background features two classical columns with Corinthian capitals on a stone wall. Overlaid on this are several semi-transparent, overlapping geometric shapes in shades of gold and brown, including arcs and rectangular blocks, creating a modern architectural aesthetic.

**An Coiste um
Threoirlínte Maidir
le Pianbhreitheanna
agus Eolas**

An Coiste um Threoirínite maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas



An Breitheamh Iseult O'Malley
Cathaoirleach an Choiste um Threoirínite maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas

Réamhrá

Bhunaigh Comhairle na mBreithiúna an Coiste um Threoirínite maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas an 30 Meitheamh 2020. Tá 13 chomhalta san iomlán ina mbaill, ó dhá chatagóir; ochtar breithiúna arna n-ainmniú ag an bPríomh-Bhreitheamh atá ionadaitheach do gach dlíne agus cúigear comhaltaí tuata arna gceapadh ag an Rialtas agus a fhónann uile ar feadh téarma ceithre bliana. Tá na sonraí ar fad maidir le ballraíocht an Choiste um Threoirínite maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas leagtha amach ar leathanach 27.

Is iad feidhmeanna an Choiste de bhun Alt 23 den Acht ná:

- ▶ dréacht-Treoirínite maidir le Pianbhreitheanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid Bhord na Comhairle lena n-athbhreithniú
- ▶ dréacht-leasuithe ar Threoirínite maidir le Pianbhreitheanna a ghlac an Chomhairle a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird chun a n-athbhreithnithe,
- ▶ monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na dTreoirínite maidir le Pianbhreitheanna,
- ▶ eolas faoi phianbhreitheanna arna bhforchur ag na cúirteanna a thiomsú ar cibé modh is cuí leis, agus
- ▶ an t-eolas sin a scaipeadh ó am go chéile ar bhreithiúna agus ar dhaoine nach breithiúna iad.

A luaithe a ghlacann Comhairle na mBreithiúna treoirínite maidir le pianbhreitheanna, ní mór do chúirt aird a thabhairt ar aon treoirínite ábhartha agus pianbhreith á gearradh aici ach amháin sa chás go meastar go mbeadh sé malartach do leasanna an chirt. I gcás den sórt sin, caithfidh an chúirt a cúiseanna a thabhairt.

Is leathan an réimse tosca a chaithfidh an coiste a mheas, ina measc:

- ▶ pianbhreitheanna a ghearrann na cúirteanna faoi láthair,
- ▶ an gá le comhsheasmhacht a chur chun cinn i bpianbhreitheanna,
- ▶ tionchar chinntí na gcúirteanna a bhaineann le pianbhreitheanna ar íospartaigh na gcionta lena mbaineann,
- ▶ an gá le muinín an phobail sa chóras dlí coiriúil a chur chun cinn,
- ▶ na costais a bhaineann le cineálacha éagsúla pianbhreithe a fhorghníomhú agus a n-éifeachtacht choibhneasta maidir le hathchiontú a chosc.

Tá spéis agus saineolas faoi leith ag na breithiúna a ainmníodh ar an gCoiste maidir le pianbhreitheanna a ghearradh. Déanann na comhaltaí tuata a gcuid saineolais a fheabhsú, agus is é an Rialtas a cheap na comhaltaí sin i mí Iúil 2020 tar éis moltaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Agus duine á cheapadh le bheith ina chomhalta den Choiste um Threoirínite maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas, b'éigean don Rialtas a bheith sásta go bhfuil taithí agus eolas i measc na mball maidir le:

- ▶ ionchúiseamh imeachtaí coiriúla,
- ▶ cosaint imeachtaí coiriúla,
- ▶ póilíneacht,
- ▶ riar an chirt,
- ▶ beartas maidir le pianbhreitheanna.

Tuarascáil an Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas in 2023

Tá sé de dhualgas ar an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas de bhun Alt 23(8) an Tuarascáil seo ar a ghníomhaíochtaí a chur isteach go bliantúil lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle na mBreithiúna. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2023.

Reáchtáil an Coiste imeacht go luath in 2023 chun tuarascáil a choimisiúnaigh sé ó Ollscoil Strathclyde a sheoladh. Labhair an tOllamh Tom O'Malley agus an Dr. Ian Marder ag an imeacht agus d'fhreastail comhaltaí na breithiúnachta, páirtithe leasmhara agus taighdeoirí acadúla air. Tá an Tuarascáil le fáil ar judicialcouncil.ie agus tá achoimre inti ar mhodheolaíochtaí reatha maidir le sonraí faoi phianbhreitheanna in Éirinn agus i ndlínsí inchomparáide. Tugtar ar aird inti nach bhfuil bailiú sonraí faoi phianbhreitheanna in Éirinn oiriúnach ná leordhóthanach chun críoch an Choiste agus moltar athchóiriú córasach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sonraí faoi phianbhreitheanna riachtanais taighde chun

treoirlínte maidir le pianbhreitheanna a ullmhú.

Is é taithí an Choiste ná, in éagmais na sonraí dá dtagraítear i dTuarascáil Strathclyde i ndáil lena thaighde, gur cuireadh bac ar a dhul chun cinn. Bhain dhá thosaíocht do 2023 le pianbhreitheanna i gcásanna maidir le dúnorgain agus in ionchúisimh maidir le foréigean teaghlaigh sa Chúirt Dúiche. Ní fhéadfaí ceachtar den dá mholadh sin a chur chun cinn mar gheall ar an easpa sonraí cáilíochtúla fóna. Táthar ag iarraidh anois go gcomhlíonfaí an riachtanas maidir le sonraí den sórt sin ar bhonn spriocdhírithé trí bhreithimh a bheith ag taifeadadh faisnéis iad féin amach anseo, nó trí rochtain a dhéanamh ar thaifeadtaí fuaime digiteacha de phianbhreithe den sórt sin.

Cuireadh tionscadal don Chúirt Dúiche a rinne an Dr Niamh Maguire as Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i gcrích ag deireadh 2023. Bhain an tionscadal le hagallaimh faoi rún le roinnt breithiúna sa Chúirt Dúiche chun a fháil amach cad é an taithí a bhí acu ar pianbhreitheanna a ghearradh i gcásanna a bhain le foréigean i ndlúthchaidreamh. I measc chuspóirí an tionscadail bhí dúshláin agus saincheisteanna do bhreithiúna a shainaitheint maidir le



pianbhreitheanna a ghearradh i gcásanna den sórt sin. Iarraidh aiseolas ó na breithiúna freisin faoin mbealach is fearr a d'fhéadfadh an Coiste tacú leo trí threoiríní agus faisnéis a chur ar fáil.

Is é aidhm an taighde seo, atá le cur i gcrích go luath in 2024, ná go ndruchtóidh an Coiste treoiríní maidir le foréigean i ndlúthchaidreamh, ag oibriú trí na céimeanna éagsúla a shaináithin sé mar gharspriocanna sa phróiseas chun treoiríní a chruthú.


Shaináithin an Coiste gur threoiríní tosaíochta don Chúirt Dúiche é pianbhreitheanna a ghearradh i ndáil le cionta um Thiomáint Chontúirteach is Cúis le Bás. Rinneadh Fochoiste agus tháinig sé le chéile chun an fhaisnéis nach mór a thaifeadadh a shaináithint agus chun teimpléad a fhorbairt a bheadh le comhlánú ag breithiúna. Má éiríonn leis, beidh sé sin mar bhonn do theimpléid a fhorbrófar chun a chur ar a gcumas do bhreithiúna na pianbhreitheanna a ghearrann siad a thaifeadadh i gcatagóirí eile cásanna agus i ndlíní eile.

Ba iad comhaltaí an Choiste ag deireadh 2023:

- ▶ An Breitheamh Iseult O'Malley, Cathaoirleach
- ▶ An Breitheamh John Edwards
- ▶ An Breitheamh Tony Hunt
- ▶ An Breitheamh Paul Coffey
- ▶ An Breitheamh Paul Burns
- ▶ An Breitheamh Francis Comerford
- ▶ An Breitheamh Keenan Johnson
- ▶ An Breitheamh Paula Murphy
- ▶ Vivian Geiran
- ▶ An Dr Diarmuid Griffin
- ▶ Michael O'Sullivan
- ▶ Marianne O'Kane
- ▶ An Dr Sinéad Ring

*Nóta faoi chomhaltacht: *Bhí An Breitheamh Tara Burns ina comhalta den Choiste go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2023, nuair a ceapadh í chuig an gCúirt Achomhairc. Tháinig an Breitheamh Paul Burns ina háit ar an gCoiste an 11 Nollaig 2023.*





**Na Coistí
um Thacaíocht
Bhreithiúnach**

Na Coistí um Thacaíocht Bhreithiúnach

Tacaíocht agus Leas

Forálann an tAcht um Chomhairle na mBreithiúna do bhunú cúig Choiste Tacaíochta Breithiúnacha reachtúla, ceann amháin do gach dlínse. Tá sé i gceist go dtabharfaidh gach coiste, ar a bhfuil breitheamh arna thoghadh ag a c(h)omhghleacaithe, comhairle agus cúnamh don Chomhairle ó thaobh a ndlínse cúirte faoi seach.

Maidir leis sin, agus le fócas ar leith ar leas, bhunaigh an Chomhairle Coiste Leasa agus Tacaíochta trasdlínse ag a céad chruinniú. Tá an Coiste sin comhdhéanta de bhreitheamh ó gach ceann de na cúig dhlínse agus oibreoidh sé chun soláthar a dhéanamh maidir le leas breithiúnach agus cúnamh a thabhairt ina leith.



Na Coistí um Thacaíocht Bhreithiúnach

Deirtear in Alt 30 (3) den Acht gurb é feidhm Choiste um Thacaíocht Bhreithiúnach ná comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna faoin Acht seo sa mhéid go mbíonn baint ag cúrsaí atá ábhartha don chúirt agus a bhfuil baint ag an gCoiste leis na cúrsaí sin.

Dáta bunaithe na gcúig choiste: an 31 Márta 2020

Ar gach ceann de na coistí dlísiúla tá (i) an tUachtarán dlínse agus (ii) an comhalta/na comhaltaí t(h)ofa ón dlínse sin. De bhreis ar thoghcháin a bhí ar siúl, bhí na breithiúna seo a leanas ina gcomhaltaí dá gcúirteanna faoi seach ar an 31 Nollaig:

- i. **An Chúirt Uachtarach**
An Breitheamh Elizabeth Dunne
- ii. **An Chúirt Achomhairc**
Folúntas
- iii. **An Ard-Chúirt**
An Breitheamh Niamh Hyland
agus An Breitheamh Rory Mulcahy
- iv. **An Chúirt Chuarda**
An Breitheamh Tom O'Donnell
agus an Breitheamh Eoin Garavan
- v. **An Chúirt Dúiche**
An Breitheamh Marie Keane



An Breitheamh Marie Baker

An Coiste um Leas Breithiúnach agus Tacaíocht

An Coiste um Leas Breithiúnach agus Tacaíocht - a bunáidh de bhun Alt 7 (3) (a)

Féadfaidh Comhairle na mBreithiúna coistí a bhunú chun cabhrú lena feidhmeanna a chomhlíonadh. Is iad Téarmaí Tagartha an Choiste um Leas Breithiúnach agus Tacaíocht mar a glacadh iad ag an gcéad chruinniú de chuid Chomhairle na mBreithiúna ar an 7 Feabhra 2020 ná cúnaimh agus comhairle a thabhairt do Chomhairle na mBreithiúna agus í ag comhlíonadh a feidhme mar a leagtar amach in Alt 7 (2) (l) den Acht chun cabhrú le tacaíocht a sholáthar do bhreithiúna i gcoitinne.



Tá cúigear breithiúna ar an gCoiste agus is é an Príomh-Bhreitheamh a ainmníonn iad mar seo a leanas:

1. **An Chúirt Uachtarach**
An Breitheamh Marie Baker, Cathaoirleach
2. **An Chúirt Achomhairc**
An Breitheamh Caroline Costello
3. **An Ard-Chúirt**
An Breitheamh Garrett Simons
4. **An Chúirt Chuarda**
An Breitheamh Elma Sheahan
5. **An Chúirt Dúiche**
An Breitheamh John Brennan

Is é an téarma oifige do bhall an Choiste um Thacaíocht agus Leas ná ceithre bliana.

Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i rith 2023. Meas sé roghanna éagsúla, idir foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, chun tacú le leas breithiúnach agus folláine bhreithiúnach. Mheas an Coiste cad é an bealach is fearr chun tacaíocht a thabhairt do bhreithiúna agus struchtúr folláine a bhunú i gcomhthéacs níos leithne na moltaí a rinne an GOPB.

Tá sé de rún aige tuairimí a lorg óna chomhaltaí maidir le soláthar seirbhísí tacaíochta in 2024.

The background features two classical columns with Corinthian capitals on a stone wall. Overlaid on this are several large, semi-transparent, golden-brown geometric shapes, including concentric arcs and overlapping rectangles, creating a modern architectural aesthetic.

**Ag
Breathnú
Ar Aghaidh
go 2024**

Ag Breathnú Ar Aghaidh go 2024

Is é 2024 cothrom cúig bliana bhunú Chomhairle na mBreithiúna. Cé go mbeidh croí-fheidhmeanna reachtúla na Comhairle mar chuid thábhachtach de phlean oibre na bliana arís, ós rud é gur earcaíodh a thuilleadh ball foirne sa ráithe deiridh de 2023, beimid in ann díriú isteach ar réimsí lasmuigh dár bpríomh-oibríochtaí, go háirithe ar ár rialachas corparáide agus ar na hoibleagáidí gaolmhara.

Is é an chéad ráithe de 2024 an sprioc faoina gcaithfidh an Coiste um Threoirínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a chéad Athbhreithniú ar na Treoirínte a chur faoi bhráid Bhord na Comhairle. Déantar foráil dó sin faoin Acht um Chomhairle na mBreithiúna agus déantar é tar éis obair an Choiste i gcaitheamh 2023 maidir leis na Treoirínte a ghlac an Chomhairle in 2021 a athbhreithniú.

Leanfaidh an Coiste um Threoirínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas ar aghaidh lena chuid taighde, lena n-áirítear rannpháirtíocht le comhaltaí na breithiúnachta chun na réimsí



inar cheart tosaíocht a thabhairt do threoirínte maidir le pianbhreitheanna a shainaitint.

Tá coinne leis go beidh tuarascáil faoi fhoréigean teaghlaigh a choimisiúnaigh Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt curtha i gcrích in 2024.

Leanfar le hoideachas agus oiliúint bhreithiúnach agus díreofar ag tús 2024 ar phleanáil don mheántearma agus ar phríomh-thosaíochtaí a shainaitint agus a chur i ngníomh. I gcás breithiúna nuacheaptha, tá oiliúint ionductaithe agus meantóireachta bunaithe anois mar chodanna lárnacha den churaclam oiliúna. Leanfar ar aghaidh ag cur oiliúint ar fáil do chomhaltaí uile na breithiúnachta ar raon ábhar, idir nua agus seanbhunaithe, i réimsí an dlí shibhialta agus an dlí choiriúil. Gné lárnach de sin is ea Córas Bainistithe Foghlama a fháil.

2024 an dara bliain iomlán d'fheidhmiú an chórais iompair bhreithiúnaigh. Tá saoráid ar bun chun gearáin a dhéanamh, tríd an suíomh gréasáin judicialcouncil.ie nó tríd an bpost. Ní mór an córas a fheabhsú anois trí Chóras Bainistithe Cásanna a chur leis. Tá coinne leis go ndéanfar athbhreithniú ar na nósanna imeachta um ghearáin agus ar na doiciméid a ghabhann leo sa chéad leath de 2024 chun a chur ar a chumas don Choiste um Iompar Breithiúnach monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar oibriú éifeachtach an phróisis sin bunaithe ar an taithí a fuarthas le 15 mhí anuas. Is feidhm reachtúil ar leithligh de Chomhairle na mBreithiúna í an tsaoráid lena bhféadfaidh an

pobal gearáin a dhéanamh i ndáil le hiompar breithiúnach, agus is cuid de shainchúram níos leithne na Comhairle í chomh maith maidir le muinín an phobail as riar an chirt in Éirinn a chothú.

D'aistrigh Comhairle na mBreithiúna chuig bonneagar neamhspleách TFC in 2023, agus cuirfidh an Chomhairle tús leis an bpróiseas chun a Straitéis TFC féin don mheántearma a fhorbairt in 2024 Céim thábhachtach a bheidh ansin ó thaobh ardán oiriúnach a fháil dá riachtanais TF amach anseo agus chun córais shlána a bhunú chun forbairt a feidhmeanna oideachais agus iompair a bharrfheabhsú.

Tá áthas ar Chomhairle na mBreithiúna go n-óstálfaidh sí Cruinniú Idirphlé de chuid Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna [GECB] in 2024, a réachtálfar i mBaile Átha Cliath den chéad uair. Institiúidí náisiúnta breithiúnacha de chuid bhallstáit an AE atá sa chomhlacht sin agus is é an sprioc atá acu ná tacú le breithiúnachtaí náisiúnta

an ceart a sholáthar go neamhspleách. Is é cuspóir an chruinnithe thábhachtaigh sin ná torthaí na dtáscairí maidir le neamhspleáchas breithiúnach agus cuntasacht bhreithiúnach a phlé le breithiúna ó bhallstáit ar fud na hEorpa. Cuirfidh an Chomhairle fáilte roimh Chomhairle Chomhairleach na mBreithiúna Eorpacha, comhlacht breithiúnach i gComhairle na hEorpa, chuig Baile Átha Cliath le haghaidh cruinniú trí lá faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an gcomhlacht sin.

Leanfaidh Comhairle na mBreithiúna ar aghaidh ag tacú leis an mbreithiúnacht in 2024 chun moltaí an Ghrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach(GOPB) a chur chun feidhme go seasta. Bhain gné lárnach de na moltaí sin le méadú a chur ar an líon breithiúna ionas go mbeidh breithiúna in ann freastal ar imeachtaí oiliúna agus forbartha. Is forbairt riachtanach le haghaidh 2024 é moladh amháin a rinne an GOPB, is é sin acmhainn um leas agus folláine a bheidh oiriúnach don fheidhm a chur ar bun.





**Tuarascáil
Bhliantúil an
Choiste um Iompar
Breithiúnach
2023**

Ullmhaítear an Tuarascáil Bhliantúil seo ón gCoiste um Iompar Breithiúnach de bhun Alt 87 den Acht um Chomhairle na mBreithiúna 2019, trína gceanglaítear ar an gCoiste tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Chomhairle na mBreithiúna gach bliain. Cuirfidh an tAire faoi deara, de bhun Alt 87 (4), cóipeanna den Tuarascáil seo a leagan faoi bhráid gach cinn de Thithe an Oireachtais.

Cúlra

Bunaíodh an Coiste um Iompar Breithiúnach (“an Coiste”) ar an 30 Meitheamh 2020 agus tháinig sé le chéile den chéad uair i mí Iúil 2020. Feidhmíonn an Coiste a fheidhmeanna ar bhonn neamhspleách. Is í a phríomhfheidhm caighdeán arda iompair i measc breithiúna a chur chun cinn agus a choinneáil, ag féachaint do phrionsabail an iompair bhreithiúnaigh a éilíonn ar bhreithiúna neamhspleáchas breithiúnach, neamhchlaontacht, ionracas, cuibheas (lena n-áirítear cuma cuibheasa), inniúlacht agus dúthracht a sheasamh agus a léiriú agus a chinntiú go gcaitear go comhionann le gach duine os comhair na gcúirteanna. Éilítear air:

- ▶ dréacht-treoirínite a bhaineann le hiompar breithiúnach agus le heitic a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird lena n-athbhreithniú, lena n-áirítear treoir maidir le cén uair ar cheart do bhreitheamh smaoineamh ar é nó í féin a scaoileadh óna bheith i gceannas ar imeacht dlí, lena nglacadh ag an gComhairle,
- ▶ gearáin a mheas agus iad a tharchur lena réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil nó tabhairt faoi imscrúduithe ar iompar breithiúna aonair de réir Chuid 5 den Acht,
- ▶ cibé beart a ghlacadh, más ann dó, de réir na Coda sin a mheasfaidh sé a bheith riachtanach chun riar an chirt a chosaint, cibé acu mar thoradh ar bhreithniú ar ghearán agus a atreorú le réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil nó trí imscrúdú a dhéanamh de réir Chuid 5 nó eile,
- ▶ treoirínite a ullmhú agus a fhoilsiú lena ndéantar foráil maidir le gearáin a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil a chinnfear a bheith inghlactha faoin gCuid seo.

Féadfaidh sé freisin,

- ▶ dréacht-leasuithe ar Threoirínite maidir le hiompar breithiúnach agus eitic a ghlac an Chomhairle a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird chun a n-athbhreithnithe, dá thoil féin nó ar iarratas ón mBord nó ón gComhairle, agus
- ▶ cibé comhairle agus moltaí a sholáthar do bhreitheamh aonair nó do bhreithiúna go ginearálta ar iompar breithiúnach agus ar eitic mar is cuí leis.

Ról an Choiste um Iompar Breithiúnach

Breithníonn an Coiste ábhair a líomhnaíonn míiompar breithiúnach tar éis don Chláraitheoir a mheas go bhfuil gearán inghlactha don Choiste um Iompar Breithiúnach nó don Choiste um Athbhreithniú ar Ghearáin. Ní mór gearáin a dhéanamh laistigh de thrí mhí ó dháta an iompair a ndéantar gearán ina leith, cé go bhfuil cumhacht ag an gcoiste síneadh a chur leis an tréimhse sin i gcúinsí áirithe.

Ar ghearán a fháil, féadfaidh an Coiste breithniú a dhéanamh cé acu atá an gearán oiriúnach lena réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil. Ní thagann sé sin chun cinn ach amháin sa chás go dtoilíonn an gearánach agus an breitheamh leis an bpróiseas sin. Faoi mar a thugann an t-ainm le tuiscint, baineann sé le próiseas chun a fháil amach an féidir an cheist a réiteach gan an próiseas reachtúil foirmiúil a leanúint chun imscrúdú a dhéanamh.

Mura bhfuil sé oiriúnach gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil tionólfaidh an coiste painéal fiosrúcháin chun imscrúdú a dhéanamh. Ar an bpainéal sin tá breitheamh ón gcúirt chéanna



leis an mbreitheamh a ndearnadh gearán faoi, breitheamh ó dhlíne eile agus comhalta tuata arna cheapadh ag an Rialtas chuig painéil fhiosrúcháin.

Féadfaidh an Coiste freisin, cheal gearáin faoi iompar breithimh, ach i gcás ina measann sé gur gá riar an cheartais a choimirciú, ábhar a tharchur lena imscrúdú ag painéal fiosrúcháin.

Tá cumhachtaí éagsúla ag an bpainéal fiosrúcháin faoin Acht agus faoi na nósanna imeachta atá forbartha ag an gcoiste. Áirítear leis na cumhachtaí sin éisteacht a sheoladh i ndáil leis an ábhar. Tá roinnt roghanna ar fáil don phainéal le linn an imscrúdaithe ach ar deireadh thiar ullmhóidh an painéal tuarascáil don choiste mar thoradh air. Áirítear sa tuarascáil sin ábhair mar shampla torthaí an phainéil, aon ghníomh a mholann sé ba cheart a déanamh, agus cé acu atá ábhar imní maidir le sláinte an bhreithimh tagtha chun solais.

I gcás iomardú is féidir leis an bpainéal comhairle a mholadh don bhreitheamh, cúrsa sonracha gníomhaíochta nó rabhadh, chomh maith le haon ábhar breise chun riar an chirt a chosaint.

Tar éis don Choiste an tuarascáil a bhreithniú, tá cumhachtaí breise aige trína bhféadfaí an gearán a chur ar ais chuig an bpainéal nó cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an raibh bunús leis an ngearán nó nach raibh. Féadfaidh sé a chinneadh nach gá aon bheart a dhéanamh, moladh an phainéil a ghlacadh nó an t-ábhar a tharchur chuig an Aire Dlí agus Cirt chun críche Airteagal 35.4 den Bhunreacht.

I gcás ina gceanglaítear ar an mbreitheamh cúrsa gníomhaíochta arna chinneadh ag an gCoiste a leanúint, déanfaidh an Coiste monatóireacht ar chomhlíonadh. Mura gcomhlíonfaidh an breitheamh é sin féadfar an cás a chur faoi bhráid an Aire freisin.

Comhaltacht

Tá 13 chomhata ar an gCoiste:

- ▶ An Príomh-Bhreitheamh agus ceathrar Uachtarán Cúirte atá ina gcomhaltaí ex officio,
- ▶ Triúr breithiúna arna dtoghadh ag na breithiúna as ballraíocht na Comhairle,
- ▶ Cúigear comhaltaí tuata arna n-ainmniú ag an Rialtas.

Tréimhse ceithre bliana a mhaireann téarma gach comhalta tofa agus tuata. Is é an Rialtas a cheapann na comhaltaí tuata tar éis moltaí a bheith déanta ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Agus duine á cheapadh le bheith ina chomhalta tuata den Choiste um Iompar Breithiúnach, foráiltear leis an Acht go bhfuil sé inmhianaithe go mbeadh taithí agus eolas i measc na gcomhaltaí ar na nithe seo a leanas:

- ▶ caighdeán a choinneáil i ngairmeacha arna rialáil ag foras reachtúil nó foras eile,
- ▶ déileáil le gearáin a dhéantar i gcoinne gairmithe den sórt sin,
- ▶ idirghabháil nó meicníochtaí malartacha eile chun díospóidí a réiteach,
- ▶ riar an chirt, agus
- ▶ bainistíocht agus soláthar seirbhísí don phobal.

Déantar foráil san Acht freisin go bhféadfaidh an Coiste um Iompar Breithiúnach painéal fiosrúcháin a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearán, más gá, ar a mbeidh suas le triúr, is iad sin beirt bhreithiúna agus comhalta tuata amháin. Cheapfaí an comhalta tuata sin ó liosta daoine a ainmníonn an Rialtas tar éis moltaí a bheith déanta ag an an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste ar an 31 Nollaig 2023:

- ▶ An Breitheamh Donal O'Donnell, Cathaoirleach

- ▶ An Breitheamh George Birmingham
- ▶ An Breitheamh David Barniville
- ▶ An Breitheamh Patricia Ryan
- ▶ An Breitheamh Paul Kelly
- ▶ An Breitheamh Charles Meenan
- ▶ An Breitheamh Martin E. Nolan
- ▶ An Breitheamh Alan Mitchell
- ▶ An tOllamh Claire Archbold
- ▶ An tOllamh Maeve Conrick
- ▶ Kieran Coughlan
- ▶ An tOllamh Bernard McCartan
- ▶ Folúntas

Ceapadh roinnt comhaltaí den Choiste chuig an gCoiste um Athbhreithniú ar Ghearáin i rith 2023. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Athbhreithniú ar Ghearáin ar an 31 Nollaig 2023:

- ▶ An Breitheamh Charles Meenan
- ▶ An Breitheamh Alan Mitchell
- ▶ An tOllamh Claire Archbold

Is é Kevin O'Neill Cláraitheoir an Choiste um Iompar Breithiúnach.

Tuarascáil an Choiste um Iompar Breithiúnach in 2023

Rinne an tAire Dlí agus Cirt na codanna sin i gCuid 5 den Acht um Chomhairle na mBreithiúna 2019 a rialaíonn iompar breithiúnach a thosú le héifeacht ón 3 Deireach Fómhair 2022. Is é éifeacht an Ordaithe um Thosach Feidhme gur chuir sé ar chumas na Comhairle gearáin a fháil maidir le mí-iompar breithiúnach agus maoirseacht a dhéanamh ar iompar breithiúnach ón dáta sin. Ní bhaineann Cuid 5 ach le líomhaintí faoi mhí-iompar a tharla an 3 Deireadh Fómhair 2022 nó dá éis sin. Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán i bhfeidhm den chuid sin den Acht.

Is é an tábhacht a bhaineann le córas um iompar breithiúnach ná go bhuil gach breitheamh aonair in Éirinn faoi réir ag caighdeáin iomchuí iompair bhreithiúnaigh agus, i gcás inarb iomchuí, faoi réir ag imscrúdú agus iomardú. Feidhmíonn an córas sin chun clú na mbreithiúna mar fhoras a chosaint, agus ag an am céanna freastalaíonn sé ar fheidhm Chomhairle na mBreithiúna chun muinín an phobail sna breithiúna agus i riar an cheartais a chur chun cinn agus a chothabháil.

Tá faisnéis sa tuarascáil seo faoi ghníomhaíochtaí an Choiste agus faoi na treochtaí a bhí follasach in 2023, chomh maith le sonraí staidrimh, lena n-áirítear na sonraí sin a éilítear iad a fhoilsiú de bhun Alt 87 (4) den Acht.

Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán den chóras gearán agus chonacthas treochtaí follasacha is fiú tuairim a thabhairt ina leith.

Ar dtús, ba léir gur dhlíthithe a rinneadh formhór mór na ngearán le linn na tréimhse. Rinne beagnach gach duine díobh ionadaíocht orthu féin in imeachtaí cúirte. Rinneadh na gearáin sin agus daoine ag ceapadh, go mícheart, gur chineál achomhairc in aghaidh chinneadh diúltach a bhí sa nós imeachta maidir le gearáin, agus sa chás go seasfaí le gearán go ndéanfaí an cinneadh nár aontaigh an gearánach leis a aisiompú. Bhí 132 ghearán (67% den líon iomlán a fuarthas) sa chatagóir sin agus fuarthas neamh-inghlactha iad ar an mbonn sin.

Catgóir gearán eile a bhí cosúil leis sin ná na gearáin inar léir gur eascair an gearán as míthuiscint ar chinneadh na cúirte, nó as easpa eolais nó cur amach ar an gcóras cúirteanna, nó ar ról an bhreithimh i gcás. Ina theannta sin, rinne roinnt dlíthithe a raibh díomá orthu gearán gur mheas siad go raibh an breitheamh i bhfabhar an taoibh eile, nó nár éisteadh lena gcás. I gcás gach gearáin, measadh (lena n-áirítear, nuair ab iomchuí, tar éis dhul i muinín Taifeadtaí Fuaimne Digiteacha) go raibh na gearáin neamh-inghlactha agus gur theip orthu aon chás insonraithe maidir le hiompar breithiúnach a nochtadh.

Baineann an chatagóir dheireanach de chásanna leis na cinn sin ina ndearna an gearánach céanna gearáin iolracha. Rinne gearánach amháin 16 ghearán ar leithligh, rinne gearánach amháin seacht ngearán agus rinne cúigear gearánaigh 6 ghearán an duine. 53 ghearán é sin, beagnach 25% den líon iomlán a fuarthas.

Cé go leagtar amach, i ngach cinneadh ón gCláraitheoir agus ón gCoiste um Athbheithniú ar Ghearáin, míniú soiléir ar na forais lena gcinntear gearán a bheith neamh-inghlactha, ní dhírítear na ráitis sin, de réir sainmhíthithe, ach ar an ngearánach aonair agus ar an mbreitheamh a ndearnadh gearán ina leith, agus ní féidir ach leis na daoine sin rochtain a dhéanamh orthu.

Dá réir sin, tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste um Iompar Breithiúnach ar an gcóras gearán agus ar an bhfoirm ghearáin a chuirtear ar fáil sna nósanna imeachta sin.

Beidh ráiteas soiléir ag tús na foirme a chuirfidh in iúl do ghearánaigh nach mór dóibh a bheith ar an eolas nach n-athrófar toradh aon chás cúirte trí ghearán a dhéanamh chuig an gCoiste agus nach bhfuil sé de chumhacht ag an gCoiste cinneadh a aisiompú ná a athbhreithniú, ar cinneadh é a dhéanann breitheamh i rith cáis nó ar cas a thabhairt chun críche.

Maidir le roinnt leasuithe reachtacha a iarraidh chun cabhrú le hobair an Choiste agus an Chláraitheora, achtaíodh iad leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023. Bhain siad sin le:

- ▶ gearáin a eascraíonn as imeachtaí beo ar cheamara i bhfianaise bhreithiúnais ón Ard-Chúirt a chumasú (X v. Y [2022] IEHC 584),
- ▶ cumhachtaí an Choiste a leathnú chun ábhar atá le himscrúdú a tharchur chuig painéal fiosrúcháin, agus
- ▶ ceapadh comhaltaí ionaid den Choiste um Athbhreithniú ar Ghearáin i gcás ina bhfuil contrárthacht le comhalta.

Achoimre ar ghearáin a rinneadh agus cinntí a eisíodh in 2023

An Cláraitheoir

- ▶ Fuarthas 232 fhoirm ghearáin i rith 2023. Níor tháinig 16 díobh faoi raon feidhme Chuid 5 den Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019. Ní raibh údarás ag an gCláraitheoir na 16 ní sin a bhreithniú agus ní raibh siad in ann dul ar aghaidh le cinneadh i ndáil le hinghlacthacht
- ▶ Bhí 6 ghearán fós ann le breithniú ó 2022

Dá réir sin, bhí 222 ghearán le breithniú ag an gCláraitheoir in 2023

- ▶ Measadh 196 díobh a bheith neamh-inghlactha
- ▶ Measadh gearán amháin a bheith inghlactha
- ▶ Tarraingíodh siar dhá ghearán, agus
- ▶ Bhí 23 ghearán fós le breithniú ar an 31 Nollaig 2023 (fuarthas iad i mí na Samhna agus i mí na Nollag)

An Coiste um Athbhreithniú ar Ghearáin

- ▶ Bhí 3 athbhreithniú idir lámha ag deireadh 2022
- ▶ Fuarthas 74 iarradh ar athbhreithniú ar chinneadh an Chláraitheora in 2023
- ▶ Ní raibh feidhm ag an Acht maidir le athbhreithniú amháin a iarraidh
- ▶ Dá réir sin, bhí 76 athbhreithniú le breithniú ag an gCoiste um Athbhreithniú ar Ghearáin
- ▶ Cinneadh 62 díobh a bheith neamh-inghlactha
- ▶ Níor cinneadh ceann ar bith a bheith inghlactha
- ▶ Bhí 14 athbhreithniú fós le cinneadh ar an 31 Nollaig 2023

Miondealú ar na gearánaigh

- ▶ Rinne 108 ngearánach gearán amháin
- ▶ Rinne 22 ghearánach 2 ghearán
- ▶ Rinne 6 ghearánach 3 ghearán
- ▶ Rinne 1 ghearánach 4 ghearán
- ▶ Rinne 1 ghearánach 5 ghearán
- ▶ Rinne 5 ghearánach 6 ghearán
- ▶ Rinne 1 ghearánach 7 ngearán
- ▶ Rinne 1 ghearánach 16 ghearán

Tá an fhaisnéis a leanas sonraithe lena foilsíú de bhun Alt 87 (4)

216	(a) an líon gearán a fuarthas,
1	(b) an líon gearán a chinn an Cláráitheoir a bheith inghlactha,
62	(c) an líon gearán a bhreithnigh an Coiste um Athbhreithniú ar Ghearáin, agus
0	an líon gearán a chinn an Coiste um Athbhreithniú ar Ghearáin a bheith inghlactha,
0	(d) an líon gearán a réitíodh trí mhodhanna neamhfhoirmiúla i gcomhréir le Caibidil 4,
0	(e) an líon imscrúduithe arna dtionscnamh de bhun tarchuir faoi Alt 59,
0	(f) an líon imscrúduithe ar ghearáin a rinne painéal fiosrúcháin faoin gCuid seo nó de dhroimh tarchuir faoi Alt 59,
0	(g) an líon gearán a bhreithnigh an Coiste um lompár Breithiúnach nach raibh bunús leo,
0	(h) an líon cinntí a rinne an Coiste um lompár Breithiúnach faoi Alt 71 (5) nó 79,
0	(i) an líon breithiúna a thoiligh le hiomarduithe a eisíodh dóibh i gcomhréir le hAlt 58 nó le hAlt 73, agus
2	(j) an líon gearán a tarraingíodh siar sna cúinsí dá dtagraítear in Alt 57 nó in Alt 74

Ag Breathnú ar Aghaidh go 2024

Beartaíonn an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar na Nósanna Imeachta arna n-ullmhú faoi Alt 52 den Acht agus ar an bhFoirm Ghearáin in 2024, i bhfianaise an taithí atá faighte ar an gcóras agus ar an gcaoi ar oibríonn sé ó mhí Dheireadh Fómhair 2022.

Beartaítear córas bainistithe cásanna a fhorbairt chun tacú le hobair an Chláráitheora agus an Choiste.

Rachaidh téarmaí chomhaltaí tofa agus chomhaltaí tuata an Choiste in éag i mí Iúil 2024. Beidh ar an mbreithiúnacht toghcháin a réachtáil agus beidh ar an Rialtas ceapacháin a dhéanamh in am trátha.

Sonraí Teagmhála

Seolad

Comhairle na mBreithiúna,
Teach Cúirte Shráid na Faiche,
Shráid na Faiche,
Baile Átha Cliath D07 W568

Teagmháil

Teil: 01 968 3988
Ríomhphost: info@judicialcouncil.ie
Gréasán: judicialcouncil.ie





Comhairle na mBreithiúna
The Judicial Council